# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004**

LAIDIN – GNÁTHLEIBHÉAL
(400 marc)

DÉARDAOIN, 24 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge ar an **gcéad sé** líne: (35)

Nox erat incipiens (namque est meminisse voluptas)
    cum foribus patriis egrediebar amans.
nec mora: deposito pariter cum veste timore,
    iactabam liquido bracchia lenta mari.
luna fere tremulum praebebat lumen eunti,
    ut comes in nostras officiosa vias.
hanc ego suspiciens, "faveas, dea candida," dixi,
    "et subeant animo Latmia saxa tuo.
non sinit Endymion te pectoris esse severi.
    flecte, precor, vultus ad mea furta tuos."

**ÓIVID**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú cúig mharc déag gach aon cheist acu):- (45)

- **(a)** Cé tá ag caint sa sliocht seo? Cén fáth a bhfágann sé an baile san oíche?
- **(b)** Cé hí an "dea candida" (líne 7) agus cén fáth a nguíonn an cainteoir chuici?
- **(c)** Cé hé Endymion? Cén fáth a luaitear anseo é?
- **(d)** Cén chríoch atá ar an scéal seo?
- **(e)** Scríobh nóta gairid ar Óivid.
- **(f)** Cad é an sliocht nó an dán is fearr leat ar an gcúrsa agus cad a thaitníonn leat go speisialta ina thaobh?

**2.** Cuir Gaeilge ar:- **[80]**

*(Tá Aichill ar tí Eachtar a mharú)*

Achilles cum novis armis in aciem contra Troianos ferociter processit. Troiani in urbem statim fugerunt sed Hector, "Fugere nolo" inquit, "nam usque ad mortem pugnare malo quam in urbem ignavus redire." Ibi extra murum adversarium ferocem exspectavit.

Tum Achilles magna voce clamavit: "Patroclum, sodalem meum, Hector, occidisti et arma mea cepisti. Nunc te necabo et arma tua capiam."

| | | |
|---|---|---|
| acies: cath. | usque ad: chomh fada le. | ignavus: meatachán. |
| adversarius: namhaid. | sodalis: cara. | occido: maraím. |

**3.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **ocht gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. (Is fiú deich marc gach aon cheist acu):- **[80]**

(*Laethanta na seachtaine*)

Romani dies appellaverunt a stellis quae nomina deorum habebant. Nam primum diem a Sole appellaverunt, quod Sol princeps est omnium stellarum et quod idem dies caput est omnium dierum. Secundum diem a Luna appellaverunt, quae ex Sole lucem accepit.

Tertium a stella Martis, quae Vesper appellatur. Quartum a stella Mercurii. Quintum a stella Iovis. Sextum a Veneris stella, quam Luciferum appellaverunt, quod inter omnes stellas plurimum lucis habet. Septimus a stella Saturni, quae dicitur cursum suum triginta annis complere.

| | | |
|---|---|---|
| appello: glaoim. | stella: réalt, pláinéad. | Luna: gealach. |
| Vesper: réalt tráthnóna. | Iovis: an ginideach de Iuppiter. | Lucifer: an té a iompraíonn solas. |
| cursus: diathair, cúrsa. | triginta: tríocha. | |

**(i)** Cén chaoi ar ainmnigh na Rómhánaigh laethanta na seachtaine?
**(ii)** Cén fáth ar ainmníodh an chéad lá ón ngrian?
**(iii)** Cad a deir an scríbhneoir faoi chaidreamh na gealaí leis an ngrian?
**(iv)** Ainmníodh an tríú lá ó Mhars. Cén t-ainm eile a thugtar ar Mhars?
**(v)** Cá bhfuair an ceathrú agus an cúigiú lá a n-ainmneacha?
**(vi)** Ainmníodh an séú lá ó Véineas. Cén fáth ar tugadh Lucifer ar Véineas freisin?
**(vii)** Cén fad aimsire a thóg sé ar Shatarn a chúrsa a dhéanamh?
**(viii)** Ainmnigh **lá ar bith** den tseachtain a choinníonn a ainm Rómhánach i nGaeilge.
**(ix)** Luaigh príomhranna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas ón sliocht thuas:-

appello, habeo, sum, accipio, dico.

**(x)** Luaigh Tuiseal Áinsíoch, Uimhir Uatha, de **dhá cheann ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas ón sliocht thuas:-

dies, stella, nomen, deus, lux.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Is fiú ochtó marc gach roinn acu):- **[80]**

**A.** Cuir Laidin ar:-

**(a)** Bhí Díodó brónach toisc go raibh Aeinéas tar éis í a fhágail. (16)

**(b)** Nuair a fuair sí bás bhí muintir na Cartaige go léir ag caoineadh ar feadh mórán laethanta. (16)

**(c)** Sheol Aeinéas go dtí an Iodáil chun tír dhúchais nua a lorg. (16)

**(d)** Ní raibh a fhios aige go raibh an bhanríon bhrónach tar éis bás a fháil. (16)

**(e)** Chonaic Aeinéas an bhanríon arís ina dhiaidh sin sa Domhan Thíos. (16)

| | | |
|---|---|---|
| brónach: tristis. | fágaim: relinquo. | faighim bás: morior. |
| tír dhúchais: patria. | lorgaim: peto. | an Domhan Thíos: Orcus. |

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge ar:-

(*An luch chathrach agus an luch tuaithe*)

Mus rusticus, invitatus ab urbano mure, domum rusticam et duram vitam reliquit. Ad urbem pervenit ut in rebus iucundis cum mure urbano beatus viveret. Mox, autem, multa pericula in urbe expertus est. Mus rusticus inquit, "Haec vita non iucunda est mihi. Vale! Silva et cavus tutus ab omnibus periculis mihi melius placebit."

| | | |
|---|---|---|
| rusticus: tuath. | durus: crua. | iucundus: taitneamhach. |
| beatus: sona. | experior: fulaingím. | cavus: poll. |
| tutus: sábháilte. | placeo (+ tabharthach): sásaím. | |

**5.** **Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cad ab ea *corvus* agus cén chaoi ar chabhraigh sé leis na Rómhánaigh sa Chéad Chogadh Púnach?
**(ii)** Cérbh é Hamilcar Barca agus cén ról a bhí aige i gcogaí na Cartaige in aghaidh na Róimhe?
**(iii)** Cén fáth ar tugadh an leasainm *Cunctator* ar Quintus Fabius Maximus?
**(iv)** Cad a tharla do Tibéirias Gracchus nuair a rinne sé iarracht ar leasuithe a thabhairt isteach sa chóras úinéireachta talún?
**(v)** Cén bealach ina bhfuair Sulla aitheantas den chéad uair mar cheannaire míleata?
**(vi)** Cérbh iad miúileanna Marius agus cén chaoi a bhfuaireadar an t-ainm sin?
**(vii)** Cérbh é Spartacas agus cén chaoi ar chuir sé isteach ar na Rómhánaigh?
**(viii)** Cad a tharla do Crassus, an tríú ball den Chéad Triúracht?
**(ix)** Luaigh **dhá** rud thábhachtacha a chuir Poimpéas Mór i gcrích.
**(x)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil cáil ar Chicearó.

**B.** Samhlaigh gur tú Hannibal, tú sáinnithe i Bithynia ag saighdiúirí Rómhánacha agus tú ar tí bás a fháil. Scríobh litir deireanach ina n-insíonn tú scéal do bheatha agus na fáthanna a bhfuil fuath agat do na Rómhánaigh. (20)

**NÓ**

Déan cur síos ar na príomhchéimeanna i réim Iúil Caesar. (20)

**6.** **Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- **(i)** Cén ról a bhí ag an *censor* sa stát Rómhánach?
- **(ii)** Cad iad na príomhdhualgais a bhí ar *haruspex?*
- **(iii)** Cen ról a bhí ag an *materfamilias* i dteaghlach Rómhánach?
- **(iv)** Cérbh iad na *equites* sa tsochaí Rómhánach?
- **(v)** Déan cur síos ar an gcaidreamh idir *patronus* agus a chuid *clientes*.
- **(vi)** Ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá** bhall éadaigh a chaith bean Rómhánach.
- **(vii)** Ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá** chineál gliaire.
- **(viii)** Cad ab ea an *impluvium* i dteach Rómhánach? Cá raibh sé suite?
- **(ix)** Déan cur síos ar **dhá** nós a bhain le searmanais phósta Rómhánacha.
- **(x)** Cérbh iad na Maighdeana Veisteacha?

**B.** Féach thíos ar an léaráid de rang scoile Rómhánach agus freagair na ceisteanna a leanann é:- (20)



**(i)** Déan cur síos ar an méid atá ar siúl sa léaráid. (8)

**(ii)** Samhlaigh gur *paedagogus* tú ag teaghlach saibhir Rómhánach.
Scríobh litir chuig cara leat agus cur síos á dhéanamh agat ar do dhualgais agus ar do shaol ó lá go lá. (12)

(Baineadh léaráid i gcóir C.6B as *The Ancient City*, Connolly and Dodge, O.U.P.)